An buiséad agus an timpeallacht

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhuiséad 2021. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa mhír?

cáin charbóin		breosla
dé-ocsaíd charbóin	cúrsaí comhshaoil	peitreal & díosal
geilleagar		iarfheistiú
faoi scáth	cúrsaí aeráide	gan amhras

Ceist 2 Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas ó cheist 1 inti. Pléigh éirim na tuairisce leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Anois féach ar an mír arís agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

1. Cathain a thiocfaidh ardú ar cháin charbóin ar bhreosla gluaisteáin?
2. Cathain a thiocfaidh ardú cánach ar bhreoslaí eile?
3. Cé mhéad euro cánach a bheidh ar gach tonna dé-ocsaíde carbóin sa bhliain?
4. Cén aidhm atá ag an rialtas don bhliain 2050?
5. Cad a dhéanfar leis an €100 milliún a bhaileofar ón gcáin charbóin?
6. Cad a bhí le rá ag Micheál Ó Cinnéide?

Ceist 4 '…i lár chathair **Bhaile Átha Cliath**…'

An féidir leat Gaeilge a chur ar na háiteanna seo thíos? Is féidir leat do chuid freagraí a sheiceáil ar www.logainm.ie ansin.

- Belfast
- Roscommon
- Kildare
- Achill Island
- Dundalk

- Mallow
- Letterkenny

Ceist 5 '…comhs**h**aol…'

Is féidir focail áirithe a cheangal le chéile sa Ghaeilge chun comhfhocal a dhéanamh. Ach, de ghnáth, bíonn 'gliú' ag teastáil chun iad a cheangal le chéile – an 'gliú' sin ná an séimhiú. Féach na samplaí seo:

seanf**h**ear
comhf**h**ocal

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí comhfhocail as na focail seo a leanas agus abraigí cad is brí leis na comhfhocail:

ceard + cumann: _____
ard + caighdeán: _____
ceann + ceathrú: _____
óg + bean: _____
for + mór: _____

B. I gcásanna áirithe ní féidir an séimhiú a úsáid mar 'ghliú' faoi mar a fheictear sna samplaí thíos.

sai**ne**olaí

cean**nt**eideal
sea**nd**uine

An bhfuil aon tuairim agat cén fáth nach féidir an séimhiú a úsáid sna cásanna sin?

Ceist 6 Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigí an cheist seo:

Conas is féidir linn an méid plaistigh a úsáidimid a ísliú?

Scríobhaigí amach liosta!

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

carbon tax	*cáin charbóin*
fuel	*breosla*
carbon dioxide	*dé-ocsaíd charbóin*
environmental affairs	*cúrsaí comhshaoil*
petrol and diesel	*peitreal agus díosal*
economy	*geilleagar*
retrofit	*iarfheistiú*
under a shadow	*faoi scáth*
climate issues	*cúrsaí aeráide*
undoubtedly, indeed	*gan amhras*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Belfast – Béal Feirste
Roscommon – Ros Comáin
Kildare – Cill Dara
Achill Island – Oileán Acla (Acaill)
Dundalk – Dún Dealgan
Mallow – Mala
Letterkenny – Leitir Ceanainn

Ceist 5

A.

ceard + cumann:	ceardc**h**umann (trade union)
ard + caighdeán:	ardc**h**aighdeán (quality)
ceann + ceathrú:	ceannc**h**eathrú (headquarters)
óg + bean:	ógb**h**ean (young woman)
for + mór:	form**h**ór (majority)

B.

Ní féidir séimhiú a chur ar ghuta sa chéad shampla. Ní féidir séimhiú a chur sna samplaí eile mar go bhfuil péire de na litreacha ‘d, n, t, l, s’ ag teacht le chéile. An riail ghramadaí atá i gceist ná nach féidir séimhiú a chur ar an dara focal sa chomhfhocal sa chás go bhfuil dhá litir ón ngrúpa sin díreach in aice lena chéile.

Ceist 6

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair tamall maith cainte do na foghlaimeoirí an liosta a dhéanamh. Bíodh plé agat leis an rang ar fad agus cuir obair gach grúpa i gcodarsnacht a chéile.

Siún Nic Gearailt
Anois, tá ardú le teacht ar cháin charbóin ó mheán oíche anocht i gcás breosla gluaisteáin agus ón gcéad lá de Bhealtaine i gcás breoslaí eile. Gearrfar cáin €33.50 in aghaidh gach tonna dé-ocsaíd charbóin[1] as seo amach. Tá a thuilleadh faoi seo ag Caoimhe Ní Laighin atá i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Caoimhe Ní Laighin
Is dócha gurb é an ceannteideal sa mbuiséad seo ó thaobh cúrsaí comhshaoil de ná an t-ardú ar cháin charbóin. Tá ardú €7.50 go €33.50 le teacht air sin in aghaidh gach tonna dé-ocsaíd charbóin. Tiocfaidh an t-ardú sin i bhfeidhm láithreach ar pheitreal agus ar dhíosal anocht agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar bhreoslaí eile i mí na Bealtaine. Tá ardú €7.50 le teacht ar an gcáin sin gach uile bhliain go dtí go mbeidh costas €100 in aghaidh gach tonna air. Ar ndóigh tá sé mar aidhm ag an rialtas an carbón a bhrú go hiomlán amach as an ngeilleagar faoin mbliain 2050.

As an gcáin charbóin sa mbreis sin a bhaileofar sa mbliain amach romhainn, cuirfear €100 milliún sa mbreis ar fáil chun iarfheistiú a dhéanamh ar thithe daoine agus chomh maith leis sin, tá athruithe le déanamh ar VRT[2] chun roghanna níos sláintiúla don timpeallacht a spreagadh.

Chuir mé ceist ar shaineolaí amháin níos túisce inniu, ar cheap sé gur drochbhuiséad nó buiséad maith a bhí ann i mbliana, ó thaobh cúrsaí comhshaoil de.

Micheál Ó Cinnéide, Iar-Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil
Tá sé deacair a rá mar gan amhras táimid faoi scáth agus faoi scamall Covid. Agus, ar shlí tá an timpeallacht brúite, mar a déarfá, as an mbealach. Sin é an rud atá tarlaithe. Bhí sé daichead nóiméad inniu sular thosaigh Paschal Donohoe ag caint ar chúrsaí aeráide nó timpeallachta. *So*, tuigimid é sin. Ach, nuair a imeoidh Covid, tiocfaidh na ceisteanna sin thar n-ais arís. *So*, ní drochbhuiséad é, ó mo thaobh féin de, mar tá rudaí déanta, ach gan amhras tá scéalta i bhfad níos mó againn inniu.

[1] *gach tonna dé-ocsaíde carbóin* de réir an Chaighdeáin
[2] *Vehicle Registration Tax,* Cáin Cláraithe Feithiclí as Gaeilge